www.newrymournedown.org

Plean Corparáideach 2024-2027

Comhairle Ceantair
an Iúir, Mhúrn agus an Dúin
Newry, Mourne and Down
District Council

Ag freastal ar an Dún agus Ard Mhacha Theas
Serving Down and South Armagh

Bródúil as an am a chuaigh thart. Ár dtodhchaí a thógáil le chéile.

Plean Corparáideach Chomhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin, 2024-27

An Comhairleoir Pete Byrne
Cathaoirleach na Comhairle

Marie Ward
Príomhfheidhmeannach

Réamhrá

Fáilte go Plean Corparáideach Chomhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin, 2024-2027.

Is tréimhse chorraitheach í seo don Chomhairle s'againn. Agus muid ar cheann de na comhairlí is mó i dTuaisceart Éireann, tá muid ar aistear chun bunathraithe agus tá dul chun cinn suntasach déanta againn le dhá bhliain anuas i dtreo bhaint amach ár gcuid spriocanna. Tugann ár bPlean Corparáideach, 2024-2027, achoimre ar an chlár oibre uaillmhianach atá againn, ar na hocht gcuspóir straitéiseacha atá againn agus ar na príomhthionscadail atá aitheanta againn chun tacú leis an bhunathrú seo ar fud an cheantair agus go hinmheánach taobh istigh den eagraíocht s'againn.

I gceantar an Iúir, Mhúrn agus an Dúin, bíonn rath ar an uaillmhian. Is ceantar é ina gcuireann daoine rudaí i gcrích, is é sin, ina gcuirtear an uaillmhian chun feidhme. Tá muid bródúil as a bhfuil bainte amach againn le dhá bhliain anuas agus tá muid an-tógtha faoin am atá le teacht sa Chomhairle agus sa cheantar s'againn agus muinín againn leanúint ar aghaidh chun cuspóirí an Phlean Chorparáidigh, 2024-2027, a bhaint amach agus a chur chun cinn.

In ainneoin go bhfuil na dúshláin chéanna airgeadais roimh Chomhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin is atá roimh gach comhairle áitiúil eile i dTuaisceart Éireann, cuireann cur chuige comhoibríoch na Comhairle, in éineacht le páirtithe agus le pobail, conair ar fáil chun seirbhísí a fhreagraíonn do riachtanais áitiúla a athdhearadh agus a sholáthar.

Is iad an inbhuanaitheacht agus an éigeandáil maidir leis an athrú aeráide is mó a spreagann muid go fóill agus tá muid ag tnúth le tairbhí tábhachtacha a bhaint amach don cheantar s'againn agus muinín orainn go rachaimid in oiriúint do dheiseanna agus do dhúshláin nua de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn, agus é mar phríomhchuspóir againn saol agus slí bheatha na ndaoine a chónaíonn agus a oibríonn anseo a fheabhsú.

Clár ábhair

3 Réamhrá

6 Intreoir

8 Ár bPlean Corparáideach: an fáth a bhfuil sé de dhíth orainn

10 Ár gCeantar de réir Uimhreacha

14 Feidhmíocht ár gComhairle

18 Mar a d'fhorbair muid ár bPlean Corparáideach

22 Ár gCuspóirí Straitéiseacha agus ár bPríomhghníomhartha

28 Ár gComhairle: mar a rialaímid

30 Comhaltaí Tofa

34 Aguisín

Intreoir

Tógtar, i bPlean Corparáideach Chomhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin, 2024-2027, ar an dul chun cinn agus ar na héachtaí atá déanta sa chéad ocht mbliana againn agus tugtar ann treoir agus tosaíocht dár gcuid oibre, agus an dóigh a ndáilfimid ár gcuid acmhainní. Leagtar amach ann ár gcuspóirí straitéiseacha agus ár bpríomhghníomhartha, agus muid tiomanta chun ceannaireacht shibhialta fhorásach a thabhairt agus chun seirbhísí poiblí ar ardchaighdeán agus ar an luach is fearr a chur ar fáil do gach duine.

181,368
an daonra measta

£67m
an t-ioncam iomlán

1,634km²
achar an cheantair

£91m
an buiséad caipitil

150km
achair an imeallbhoird

Ár gCeantar
Tá ceantar an Iúir, Mhúrn agus an Dúin suite go straitéiseach ar chonair oirthearach an A1/M1, rud atá tábhachtach ó thaobh an gheilleagair de, agus tá daonra measta 181,368 ann, agus imeallbhord thart ar 150 ciliméadar ann, a chuimsíonn achar 1,634 chiliméadar chearnacha. Tá trí Limistéar Sáráilleachta Nádúrtha againn; Múrna, Fáinne Cnoc Shliabh gCuillinn, Baile Loch Cuan agus Leath Cathail.

Ár gComhairle
Tá Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin ar cheann de na comhairlí is mó i dTuaisceart Éireann agus tá 41 bhall tofa inti a dhéanann ionadaíocht ar sheacht dtoghcheantar: Crotshliabh, Dún Pádraig, An tIúr, Rudha Álainn, Sliabh Crúibe, Sliabh gCuillinn agus Múrna.

Tá ioncam iomlán de thart ar £67 milliún ag an Chomhairle, buiséad caipitil de thart ar £91 mhilliún agus thart ar 1,000 fostaí. Tá muid freagrach as seirbhísí a chur ar fáil amhail Bailiúchán Dramhaíola Tí, Clárúchán, Fóillíocht, Sláinte Comhshaoil, Rialú Tógála, Forbairt Gheilleagrach agus Turasóireacht. Tá muid freagrach, fosta, as an Phleanáil agus as an Phleanáil Phobail – feidhmeanna reachtúla a aistríodh ón rialtas láir go dtí údaráis áitiúla Thuaisceart Éireann in 2015.

Ár bhFís, Ár Misean agus Ár Maitheasaí

Tá Fís, Misean agus Maitheasaí Chomhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin mar bhunchloch ag ár bPlean Corparáideach. Léirítear iontu an cuspóir agus an treo maidir leis an méid ba mhian linn a bhaint amach ar son ár gcuid saoránach.

Ár bhFís
Mar atá leagtha amach inár bPlean Pobail, 'Dea-Mhaireachtáil le Chéile':

tá pobail láidre, shábháilte agus bhríomhara i gceantar an Iúir, Mhúrn agus an Dúin, áit a bhfuil caighdeán maith maireachtála ag gach duine agus teacht acu ar dheiseanna, ar roghanna agus ar sheirbhísí ar ardchaighdeáin atá inbhuanaithe, inrochtana agus a fhreastalaíonn ar riachtanais daoine.

Ár Misean

Seirbhísí inbhuanaithe a sholáthar agus rialú agus comhoibriú trédhearcach a dhéanamh chun cumhacht a thabhairt dár gcuid pobal.

Ár gcuid Maitheasaí

Meas

Léireoimid meas ar gach duine inár ndearcadh, inár n-iompar agus inár gcaidrimh oibre.

Trédhearcacht

Beimid trédhearcach agus muid ag déanamh cinntí.

Barr Feabhais

Bainfimid bród as ár gcuid oibre agus beimid paiseanta faoi na caighdeáin a dhéanaimid ár ndícheall a bhaint amach.

Ionracas

Beidh muid ionraic i mbun gníomhaíochta agus ba mhaith linn muinín a bheith ag muintir an cheantair asainn chun sin a dhéanamh.

Freagracht

Beimid freagrach don phobal as ár gcuid cinntí agus ár gcuid gníomhartha. Beimid freagrach as an dóigh a ndéanfaimid pleanáil ar acmhainní agus as iad a úsáid go hinbhuanaithe.

Ár bPlean Corparáideach An fáth a bhfuil sé de dhíth orainn

Tá torthaí straitéiseacha i gClár an Rialtais, agus nuair a chuirtear le chéile iad, leagtar amach iontu treo soiléir, rud a éascóidh feabhas leanúnach ar ghnéithe riachtanacha d'fholláine na sochaí. Baineann siad le gach gné den rialtas, lena n-áirítear baint amach dea-shláinte agus oideachais, rath geilleagrach agus pobail mhuiníneacha shíochánta.

Is príomhghné de chuid Chlár an Rialtais a bheith ag brath ar an chomhoibriú idir eagraíochtaí agus grúpaí, cibé acu san earnáil phoiblí, san earnáil dheonach nó san earnáil phríobháideach atá siad.

Léirítear torthaí Chlár an Rialtais don réigiún ar fad i bPlean Pobail an cheantair. D'aontaigh an Chomhairle, soláthraithe seirbhísí poiblí, ranna rialtais agus comhpháirtithe in earnáil an ghnó, san earnáil dheonach agus san earnáil pobail ar ár bPlean Pobail, 'Dea-Mhaireachtáil le Chéile'.

Tá comhpháirtithe an Phlean Pobail tiomanta chun ról iomlán gníomhach a ghlacadh maidir le baint amach na dtorthaí seo a leanas:

Go n-éireodh le gach duine i gceantar an lúir, Mhúrn agus an Dúin:

- tús maith a fháil sa tsaol agus barr a gcumais a bhaint amach ar feadh a saoil
- dea-shláinte a bheith acu agus iad folláin
- leas a bhaint as pobail rathúla
- leas a bhaint as timpeallacht ghlan inbhuanaithe atá ar ardchaighdeán
- maireachtáil i bpobail atá measúil, sábháilte agus bríomhar.

Agus ár bPlean Corparáideach, 2024-2027, á ullmhú againn, tá iarracht déanta againn cur le baint amach na dtorthaí atá leagtha amach inár bPlean Pobail.

Dá réir sin, spreagann agus tugann Creat Pleanála Gnó agus Bainistíochta Feidhmíochta na Comhairle dearbhú go bhfuil torthaí pleanála pobail, tosaíochtaí corparáideacha agus cuspóirí feabhsaithe feidhmíochta á mbaint amach.

An Timpeallacht Sheachtrach

Clár an Rialtais
Reachtaíocht
Taighde agus Fianaise
Rannpháirtíocht sa Phobal
Aiseolas ó Pháirtithe Leasmhara

Torthaí caighdeáin maireachtála ar son pobail áitiúla agus ceantair áitiúla

01 **Plean Pobail an Iúir, Mhúrn agus an Dúin**
Leagtar amach ann torthaí pleanála pobail, pleananna téamacha soláthair agus pleananna gníomhaíochta toghcheantair (DEA)

02 **Plean Corparáideach**
Leagtar amach ann an fhís chorparáideach agus na cuspóirí corparáideacha

03 **Pleananna agus straitéisí téamacha**
Plean Feabhsaithe Feidhmíochta, Plean Airgeadais Meántéarmach, Plean Forbartha Áitiúla, Straitéis Turasóireachta

04 **Pleananna Gnó na Stiúrthóireachta**
Leagtar amach iontu an dóigh a ndéanfaidh an Chomhairle na cuspóirí corparáideacha a bhaint amach agus an dóigh a dtacóidh sí le baint amach na dtorthaí pleanála pobail

05 **Pleananna Seirbhíse agus Tionscadail Feabhsúcháin**
Pleananna oibriúcháin chun gníomhaíocht seirbhísí agus feabhsú seirbhísí a threorú ar fud na Comhairle

06 **Daoine, Rath, Fás**
Leagtar amach ann an dóigh a gcuidíonn fostaithe agus foirne le baint amach na dtorthaí pleanála pobail agus na gcuspóirí corparáideacha

Léirítear sa léaráid thuas an dóigh a bhfuil na tosaíochtaí atá leagtha amach inár bPlean Corparáideach le feiceáil sna pleananna gnó agus sna pleananna seirbhíse chun a chinntiú go mbíonn an eagraíocht ar fad ag obair i dtreo cuspóirí atá sainithe go corparáideach.

An Timpeallacht Inmheánach

Tomhas Feidhmíochta, Monatóireacht agus Tuairisciú
Athbhreithniú Feidhmíochta, Iniúchadh agus Feabhsú
Foghlaim agus Dul in Oiriúint

Ár gCeantar in Uimhreacha



Geilleagar

75.4%

Bhí 75.4% den daonra gníomhach ó thaobh an gheilleagair de in 2022

2.8%

Bhí 2.8% de dhaoine 18-24 bliana d'aois i gceantar an Iúir, Mhúrn agus an Dúin ag éileamh liúntas cuardaitheora poist móide creidmheas uilíoch as obair in 2023

9,175

Bhí 9,175 ghnólacht cláraithe le haghaidh VAT agus/nó PAYE in 2022

1,507,584

Caitheadh 1,507,584 oíche ar thurais thar oíche (2019), rud a thug caiteachas turasóireachta measta de £83,671,689.

An Ghaeilge

18.6%

Tá cumas éigin sa Ghaeilge ag 18.6% dár gcónaitheoirí atá trí bliana d'aois agus níos sine (Daonáireamh 2021)

13 scoil

Tá seacht naíscoil, cúig bhunscoil agus aon iar-bhunscoil amháin sa cheantar s'againn (Comhairle na Gaelscolaíochta)

Gnólachtaí de réir Earnála



Pobal

87%

Aontaíonn 87% de na cónaitheoirí gur áit é a gceantar áitiúil ina réitíonn daoine ó chúlraí éagsúla go maith le chéile

100%

Mothaíonn 100% de na cónaitheoirí sábháilte sa cheantar i rith an lae

78%

Mothaíonn 78% de na cónaitheoirí sábháilte sa cheantar san oíche

45%

Mothaíonn 45% de na cónaitheoirí go mbíonn cead cainte acu maidir le reáchtáil na seirbhísí ina gceantar áitiúil

16%

Dúirt 16% de na rannpháirtithe gur ghlac siad páirt in imeacht ealaíon, oidhreachta nó cultúir, sin nó gur fhreastail siad ar imeacht den tsórt sin le 12 mhí anuas.

Inbhuanaitheacht

91%

Dúirt 91% de na cónaitheoirí gur tábhachtach leo an athchúrsáil

50.3%

Déantar 50.3% dár ndramhaíl a athchúrsáil faoi láthair (2022-2023)

3,849

Bhí 3,849 n-iarratasóir ar liosta feithimh de chuid Fheidhmeannacht Tithíochta Thuaisceart Éireann (NIHE) ar an 31 Márta 2022

1,031

Ceadaíodh 1,031 iarratas ar thithe cónaithe nua in 2021-2022

4,219

Tógadh 4,219 dteach cónaithe nua idir 2016-2022

Suíomhanna Cosanta

3 Limistéar Sáráilleachta nádúrtha (AONB) a chlúdaíonn thart ar 55.7% den cheantar

4 Shuíomh Bogaigh de chuid RAMSAR

3 Limistéar faoi Chosaint Speisialta

11 Limistéar Speisialta Caomhantais

62 Limistéar Sainspéise Eolaíochta

7 nAnaclann Náisiúnta Dúlra

Sláinte & Folláine

82%

Mothaíonn 82% de na cónaitheoirí go bhfuil an tsláinte go han-mhaith nó go maith acu

83%

Bíonn 83% de na cónaitheoirí gníomhach go fisiciúil ar feadh 30 bomaite, uair sa tseachtain, ar a laghad

7.8 / 10

7.8 as 10 scór na gcónaitheoirí maidir lena sástacht lena meabhairshláinte agus lena bhfolláine mhothúchánach

78.9

Ba é 78.9 ionchas saoil na bhfear i gceantar an lúir, Mhúrn agus an Dúin in 2016-2018. 76.3 a bhí ann d'fhir a bhfuil cónaí san 20% de na ceantair is díothaí sa cheantar

82.7

Ba é 82.7 ionchas saoil na mban i gceantar an lúir, Mhúrn agus an Dúin in 2016-2018.

82.1 a bhí ann do mhná a bhfuil cónaí orthu san 20% de na ceantair is díothaí sa cheantar

Nascacht

88%

ar 30 MB/S

71%

ar shnáithín iomlán

Oideachas

23%

de dhaoine idir 16-64 bliana d'aois gan aon cháilíochtaí (2019)

48%

Bhain 48% de lucht fágála scoile dhá Ard-leibhéal nó níos mó nó a chomhionann amach (2018-2019)

81.3%

Bhain 81.3% de lucht fágála scoile cúig GCSE amach, Béarla agus Mata san áireamh (2021-22)

Díothacht

3ú háit is airde

In 2017, bhí an tríú leibhéal is airde d'fhorlimistéar aschuir (SOA) i gceantar an Iúir, Mhúrn agus an Dúin taobh istigh den 100 limistéar is díothaí i dTÉ.

23

Tá 23 d'fhorlimistéar aschuir (SOA) i gceantar an Iúir, Mhúrn agus an Dúin taobh istigh den 25% is airde (TÉ) maidir le céim na Díthe Ilchineálaí. Is as iomlán de 84 fhorlimistéar aschuir (SOA) taobh istigh den cheantar é seo

4 / 5

Tagann 4 cinn de na 5 fhorlimistéar aschuir (SOA) is airde i dTÉ maidir le díth ioncaim ó thaobh istigh de cheantar an Iúir, Mhúrn agus an Dúin

Ár gComhairle Ár bhFeidhmíocht

Idir 2021 agus 2023, rinne an Chomhairle dul chun cinn suntasach maidir le cur i gcrích an Phlean Chorparáidigh. Chuidigh ár bhfeidhmíocht go dtí seo linn cuspóirí nua corparáideacha, gníomhartha tacaíochta agus slata tomhais ratha a aithint.

Tosaíocht Chorparáideach	Dul chun cinn	Treocht stádais
Infheistíocht a dhéanamh i ngnólachtaí nua agus i ngnólachtaí atá i mbéal fáis, i gcruthú post agus i scileanna fostaíochta agus tacaíocht a thabhairt dóibh seo	Cruthaíodh 426 phost nua agus tugadh tacaíocht do 1,052 ghnó trí chláir na Comhairle.	☺
	Cuireadh 566 phost nua chun cinn trí ghníomhaíocht nuathionscanta gnó.	☺
	Coinníodh £16.5m i gconarthaí maoinithe eacnamaíochta agus athnuachana le haghaidh infheistíochta agus caitheadh £3.7m in 2022-2023.	☺
	Síníodh Margadh Cathrach Réigiún Bhéal Feirste i mí na Nollag 2021.	☺
	Trí Full Fiber Northern Ireland (FFNI), ceanglaíodh 68 suíomh (mol) de chuid na Comhairle ar luach £2.3m. Ceanglaíodh 34 shuíomh eile de chuid Eagraíochtaí Seirbhísí Gnó (BSO) fosta ar fud limistéar Chomhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin, rud a chuir feabhas ar an rochtain ar shnáithín Ultrafast.	☺
	Tá an Chomhairle ag obair le comhpháirtithe sna hearnálacha infhostaitheachta, scileanna agus oideachais trí Chomhpháirtíocht nua sa Mhargadh Saothair (LMP) sa cheantar.	☺
Leanúint de bheith ag feabhsú shláinte agus fholláine gach duine sa cheantar agus an neamhionannas sláinte a laghdú	Ceapadh comhairleoir seachtrach chun an straitéis um Ghníomhaíocht Choirp, Sláinte, Folláine agus Forbairt Spóirt a fhorbairt, rud a chuirfear i gcrích in 2024-2025.	😐
	Críochnaíodh an t-athbhreithniú ar Mhoil Ilspórt in 2022-2023, rud a chuir ar chumas na Comhairle buiséad caipitil a chruthú chun tacú le forbairt mol ilspórt ar fud an cheantair amach anseo.	☺
	Ghlac 11,901 duine páirt i gcláir shláinte spriocdhírithe, figiúr a bhí níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar COVID-19.	😐

Tosaíocht Chorparáideach	Dul chun cinn	Treocht stádais
	Ghlac 430 leanbh agus duine óg páirt i dtionscnaimh súgartha pobail ar fud an cheantair.	▽
	Bhí méadú 968% ar líon na ndaoine a d'fhreastail ar na 6 phríomhionad fóillíochta idir 2020–2021 agus 2022–2023*.	△
	**Mar gheall ar na leibhéil ísle úsáide a tharla in 2020–2021 de bharr na paindéime COVID-19, tá méadú ard ar an chéatadán nuair a chuirtear na figiúirí seo i gcomparáid le figiúirí 2022–2023.*	
Ár dtimpeallacht a fheabhsú, a chosaint agus a chur chun cinn	Cuireadh moill ar Phlean Oideachais agus Forfheidhmithe na Comhairle.	😐
	Tá ullmhú an Phlean Forbartha Áitiúla (LDP) faoi lánseol agus beidh foilsiú Straitéis an Dréachtphlean (dPS) ag teacht leis an amlíne nuashonraithe faofa.	😐
	Tá forbairt an Phlean Áitiúil um Oiriúnú Aeráide ar siúl.	☺
	Chríochnaigh Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin, atá ina príomh-chomhpháirtí, cur i bhfeidhm an tionscadail €9 milliún de chuid CANN (Comhghníomh le haghaidh Líonra Natura).	☺
	In 2020, sheol an Chomhairle tionscnamh nua chun limistéir sa cheantar a athfhianú.	☺
	Tá scór glaineachta sráide an cheantair go fóill ag 64, díreach faoi bhun an leibhéil réigiúnaigh.	😐
	Ba é an meánráta athchúrsála le trí bliana anuas 50.4%, rud atá díreach os cionn sprioc athchúrsála 2020 de 50%.	☺
Tacú le cineálacha inbhuanaithe turasóireachta a chuireann luach ar ár dtimpeallacht agus ar ár n-oidhreacht chultúrtha	Bhain an Chomhairle ainmniúchán amach do Mhúrna, Sliabh gCuillinn, Baile Loch Cuan mar Gheopháirc Dhomhanda de chuid EOECNA i mí na Bealtaine 2023.	☺
	Lean an Chomhairle de bheith ag cur i gcrích na Straitéise Turasóireachta reatha do cheantar an Iúir, Mhúrn agus an Dúin agus chuir sí forbairt na Straitéise Turasóireachta nua 2023-2028 i gcrích.	☺
	Seoladh an Straitéis Ealaíon, Cultúir agus Oidhreachta.	☺
	Tá 68 n-eispéireas turasóireachta ar fáil ar fud an cheantair anois, arna bhforbairt ag gnólachtaí turasóireachta agus fáilteachais agus an Chomhairle ag tacú leo.	☺
	Tá méadú 74% ar an méid a chaitheann cuairteoirí.	△
	Tá méadú 27% ar líon na ndaoine a fhanann thar oíche.	△

	Tosaíocht Chorparáideach	Dul chun cinn	Treocht stádais
	A chur ar chumas daoine dul i mbun gníomhaíochtaí ionchuimsitheacha agus éagsúla ina bpobail agus tacaíocht a thabhairt dóibh	D'eagraigh Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin an dara Comhdháil ar Riachtanais Tithíochta, a reáchtáladh i mí na Samhna 2021	☺
		Tá straitéis saoráidí pobail forbartha anois agus tá sí amuigh le haghaidh comhairliúcháin. Ba cheart go mbeadh sí seo ar fáil in 2024/2025.	😐
		Trí Bhuiséadú Rannpháirteach, dáileadh £67,000 ar 60 grúpa pobail / eagraíocht ar éirigh leo.	☺
		Bronnadh £3.5m ar 1117 n-iarratas ar éirigh leo tríd an Scéim Cúnaimh Airgeadais. Is ionann seo agus gur éirigh le 69% ar an mheán de na hiarratasóirí.	☺
		Rinneadh an dara suirbhé ar Chónaitheoirí in 2022.	☺
		Aontaíonn 87% de na cónaitheoirí gur áit é an ceantar áitiúil ina réitíonn daoine ó chúlraí éagsúla go maith le chéile.	△
		Aontaíonn 65% de na cónaitheoirí go dtéann an Chomhairle i gcomhairle le muintir na háite agus go n-éisteann siad lena gcuid tuairimí.	△
		Mothaíonn 45% de na cónaitheoirí go mbíonn cead cainte acu maidir le soláthar na seirbhísí ina gceantar áitiúil.	▽
	Athbheochan ár gcathrach, ár mbailte, ár sráidbhailte agus ár bpobal tuaithe a chur chun cinn	Tá dul chun cinn á dhéanamh i gcónaí ar chur i bhfeidhm na bpríomhthionscadal bunathraithe do cheantar an Iúir, Mhúrn agus an Dúin trí Mhargadh Cathrach Réigiún Bhéal Feirste (BRCD).	☺
		Rinneadh infheistíocht £4 mhilliún i seacht scéim sa ríocht phoiblí, rud a cuireadh i gcrích i seacht sráidbhaile tuaithe.	☺
		Tá pleanáil curtha isteach anois chun an Mol Cathartha agus Réigiúnach nua agus an Amharclann agus Lárionad Comhdhála a fhorbairt ar an Iúr.	😐
		Cuireadh an obair ar charrchlós Bhóthar na Banna i gcrích agus tá sé ag feidhmiú mar áis Pháirceála agus Chomhroinnte.	☺
		Bunaíodh Grúpa Oibre um Athnuachan Dhún Pádraig agus tháinig sé le chéile chun todhchaí an bhaile a shamhlú.	☺
		Tá méadú ar líon na ngnólachtaí atá cláraithe le haghaidh VAT/PAYE i gceantar an Iúir, Mhúrn agus an Dúin.	△
		Tá méadú ar líon na bpost mar fhostaithe.	△

Tosaíocht Chorparáideach	Dul chun cinn	Treocht stádais
Seirbhísí inrochtana comhtháite ar ardchaighdeán a chur ar fáil de thoradh ar fheabhsú leanúnach	Tá 88% de na cónaitheoirí sásta leis an Chomhairle.	△
	Creideann 92% de na cónaitheoirí go gcuidíonn an Chomhairle le háit mhaith chónaithe a dhéanamh de cheantar an Iúir, Mhúrn agus an Dúin.	△
	Deir 88% de na cónaitheoirí go bhfuil muinín acu as an Chomhairle.	△
	Creideann 74% go dtugann an Chomhairle luach maith ar airgead.	△
	Tá méadú ar neamhláithreacht fostaithe.	▽
	Tá an Dualgas reachtúil um Fheabhsúchán á chomhlíonadh.	☺
Dul i mbun abhcóideachta in éineacht le dreamanna eile ar mhaithe le muintir uile an cheantair	Tá cur chun feidhme an Phlean Pobail ar siúl agus cuireadh ráiteas faoin dul chun cinn faoi bhráid an Bhoird Comhpháirtíochta in 2022.	☺
	Bunaíodh Mol Comhordaithe Pobail mar fhreagra ar an phaindéim éigeandála COVID-19 chun a chinntiú go bhfaigheadh cónaitheoirí leochaileacha soláthairtí riachtanacha.	☺
	Seachadadh 18,407 mbeart bia do theaghlaigh leochaileacha.	☺
	Leanann an Chomhairle uirthi de bheith ag comhlíonadh dhualgas reachtúil na pleanála pobail.	☺
	Tá 91% de na cónaitheoirí sásta lena gceantar áitiúil mar áit chónaithe.	△

☺ Sprioc nó gníomh bainte amach

😐 Sprioc nó gníomh bainte amach i bpáirt

☹ Sprioc nó gníomh gan a bheith bainte amach

△ Tá feabhas tagtha ar an fheidhmíocht

▷ Tá an fheidhmíocht cosúil le blianta roimhe

▽ Tá an fheidhmíocht imithe in olcas

Mar a d'fhorbair muid ár bPlean Corparáideach

Mar Chomhairle, tá muid tiomanta chun dul i dteagmháil lenár gcuid cónaitheoirí agus lenár gcuid páirtithe leasmhara chun a chinntiú go leanfaimid de chur chuige i leith na cinnteoireachta agus an tsoláthair seirbhísí atá bunaithe ar fhianaise. Rinne muid teagmháil agus comhairliúchán le cónaitheoirí, chomh maith le fostaithe de chuid na Comhairle, lenár gcuid ardbhainisteoirí agus le hionadaithe tofa.

Suirbhé ar Chónaitheoirí
Bhí an suirbhé s'againn ar chónaitheoirí, a cuireadh i gcrích i mí Mheán Fómhair 2022, bunaithe ar shampla ionadaíoch de chónaitheoirí 16+ bliana d'aois agus cuireadh cuótaí i bhfeidhm maidir le haois, inscne, aicme shóisialta agus bardaí toghcháin.

Iarradh ar chónaitheoirí smaoineamh ar a gceantar áitiúil, ar sheirbhísí na Comhairle agus ar na rudaí is gá a fheabhsú chun áit chónaithe is fearr a dhéanamh de.

Ar fud na réimsí seirbhíse go léir, thuairiscigh cónaitheoirí leibhéil sástachta measartha ard. Ina theannta sin, bhí 88% de na cónaitheoirí sásta le hobair ár gComhairle.

Léirigh torthaí an tsuirbhé na tosaíochtaí atá tábhachtach ag ár gcuid gcónaitheoirí. I measc na dtosaíochtaí ag cónaitheoirí, bhí feabhsú scileanna, infhostaitheachta agus ionchas fostaíochta, chomh maith le tacaíocht do ghnólachtaí áitiúla, laghdú na bochtaineachta agus feabhsú sláinte agus folláine daoine.

Sástacht le Seirbhísí na Comhairle



D'eagraigh an Chomhairle ceithre ghrúpa fócais, fosta, trí cinn le fostaithe de chuid na Comhairle agus ceann amháin le comhaltaí tofa. Cuireadh torthaí an tSuirbhé ar Chónaitheoirí i láthair na ngrúpaí fócais agus tugadh cuireadh dóibh siúd a bhí i láthair a dtuairimí a thabhairt ar na príomhthosaíochtaí don cheantar agus ar threoir straitéiseach na heagraíochta.

Sna sála air seo, eagraíodh ceardlann lae le Foireann Ardbhainistíochta na Comhairle inar:

- smaoiníodh ar thorthaí an tSuirbhé ar Chónaitheoirí agus ar an aiseolas ó ghrúpaí fócais na bhfostaithe agus na gcomhaltaí tofa
- athbhreithníodh an fheidhmíocht maidir le baint amach na gcuspóirí straitéiseacha, na ngníomhartha tacaíochta, na slat tomhais ratha agus na bpríomhthionscadal a bhí i bPlean Corparáideach 2021–2023
- smaoiníodh ar na dúshláin agus ar na deiseanna atá ann faoi láthair agus a bheas ag teacht chun cinn don Chomhairle agus aithníodh agus comhaontaíodh ar théamaí leathana, ar chuspóirí, ar ghníomhartha tacaíochta agus ar shlata tomhais ratha, chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt an Phlean Chorparáidigh nua, 2024-2027.

I measc na dtéamaí leathana a aithníodh bhí, fás an gheilleagair agus tacaíocht do ghnólachtaí áitiúla, an leas is fearr a bhaint as an dul chun cinn sa digitiú, tacaíocht don tsláinte agus folláine, laghdú ar an bhochtaineacht agus an éagothroime, díriú ar riachtanais shóisialta agus ar thógáil saibhris sa phobal, agus tírdhreach agus timpeallacht uathúil ár Limistéar Sáráilleachta Nádúrtha a chosaint agus leas a bhaint astu.

Tosaíochtaí chun an ceantar áitiúil a fheabhsú... (an chuid is tábhachtaí)



Ár gCuspóirí Straitéiseacha agus ár bPríomhghníomhartha

Tá ocht gcuspóir straitéiseacha againn. Tá siad seo ag teacht le cúig théama an Phlean Pobail agus déanfar iad a bhaint amach i gcomhar agus i gcomhpháirtíocht le réimse páirtithe leasmhara.

Tá sé mar aidhm againn na príomhthionscadail seo a leanas a chur chun cinn:

- Bunathrú eagraíochtúil agus soláthar seirbhísí inbhuanaithe
- Athbheochan Lár na Cathach ar an Iúr
- Athnuachan Dhún Pádraig
- Tionscadail Mhargadh Cathrach Réigiún Bhéal Feirste lena n-áirítear scileanna agus nuálaíocht
- Ionad Sláinte agus Folláine an Phointe
- Saoráidí turasóireachta agus áineasa an Chaisleáin Nua
- Straitéis an Phlean Forbartha Áitiúla

Cuspóirí Straitéiseacha	Príomhghníomhartha	Slat Tomhais Ratha
Tacú le fás agus forbairt leanúnach ár ngeilleagair áitiúil	Clár tacaíochta a chur i bhfeidhm a chuirfidh leis an fhás agus leis an infheistíocht le haghaidh gnólachtaí nua agus seanbhunaithe agus fiontair shóisialta ar fud an cheantair. Cur i bhfeidhm réimse tionscnaimh scileanna agus infhostaitheachta a fhreastalaíonn ar riachtanais an gheilleagair áitiúil trí chomhpháirtíocht Mhargadh Cathrach Réigiún Bhéal Feirste (BRCD), agus cláir eile. Tacú le fás gnólachtaí nua agus gnólachtaí atá ann cheana ach tionscnaimh nuálacha atá dírithe ar an digiteacht a chur i gcrích. An leas is fearr a bhaint as suíomh an cheantair mar thairseach thrasteorann chuig an Bhreatain Mhór, an AE, Éirinn agus margaí idirnáisiúnta trí Chonair Gheilleagrach Bhaile Átha Cliath Bhéal Feirste (DBEC) agus naisc thrasteorann eile. Fás leanúnach ar bhonneagar ár gceantair trí chóras freagrúil pleanála.	Líon na bpost a chruthófar agus líon na ngnólachtaí a gheobhaidh tacaíocht trí chláir na Comhairle. Líon na bpost a chuirfear chun cinn trí ghníomhaíochtaí nuathionscanta gnó. Méid na hinfheistíochta a gheobhaidh agus a dháilfidh an Chomhairle.
Tacú le fás agus forbairt leanúnach ár ngeilleagair áitiúil	Leanúint de bheith á gcur i bhfeidhm: • Máistirphlean Taistil Ghníomhaigh • Straitéis Aoisbhá 2021–2031 • Straitéis Saoráidí Spóirt • Straitéis Súgartha • Plean Forbartha Conairí Pobail. Tionscnaimh a chur i gcrích chun dul i ngleic leis an éagothroime sláinte ar fud an cheantair. Straitéis Spásanna Oscailte a bhunú. Cur i gcrích tionscadal taobh istigh de Phlean Gníomhaíochta PeacePlus, rud a rachaidh i ngleic leis an fholláine, le hordú oideas sóisialta agus le hoscailt spásanna comhroinnte.	Líon na ndaoine a bheas rannpháirteach i gcláir spriocdhírithe shláinte. Líon na ndaoine a fhreastalóidh ar shaoráidí fóillíochta faoi dhíon de chuid na Comhairle. Líon na ndaoine a bhainfidh úsáid as conairí pobail.

Cuspóirí Straitéiseacha	Príomhghníomhartha	Slat Tomhais Ratha
Ár dtimpeallacht a chosaint agus a fheabhsú chun todhchaí inbhuanaithe a chinntiú	Forbair agus cuir i bhfeidhm: • Straitéis um Athrú Aeráide agus Inbhuanaitheacht • Plean Áitiúil um Oiriúnú don Athrú Aeráide • Straitéis Bhithéagsúlachta • Straitéis Crann. Measúnú bonnlíne a dhéanamh ar lorg carbóin na Comhairle agus spriocanna a leagan síos chun na hastuithe carbóin uainn a laghdú. Tacú le cur i bhfeidhm pointí luchtaithe nua le haghaidh Feithiclí Leictreacha (EV). Na gníomhaíochtaí chun dul i ngleic leis an inbhuanaitheacht agus leis an éigeandáil um athrú aeráide, a dhearbhaigh an Chomhairle, a choinneáil faoi athbhreithniú. Cuidiú le cur i gcrích na bPleananna Gníomhaíochta um Bainistíocht na gCeantar Sár-áilleacht Nádúrtha (AONB) agus na bPleananna Bainistíochta um Limistéir Mhara faoi Chosaint. Plean Gníomhaíochta Forfheidhmithe Ceantair a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun an choireacht chomhshaoil a rialú agus chun an bruscar, an diúscairt mhídhleathach agus salú madaí a laghdú. An Plean Forbartha Áitiúla a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Rialacháin Foirgníochta agus dualgais cheadúnúcháin a chur i bhfeidhm i gcomhpháirtíocht lenár gcuid gcustaiméirí agus lenár gcuid páirtithe leasmhara.	Glaineacht na sráideanna ar fud an cheantair (Innéacs Glaineachta Keep Northern Ireland Beautiful) An méid a chloífear leis an Dualgas um Fhorbairt Inbhuanaithe. Céatadán na dramhaíola a athchúrsálfar. Céatadán na bpointí luchtaithe EV.
Tacú le deiseanna athnuachana turasóireachta a chuireann ár gcultúr, ár n-oidhreacht agus ár dtimpeallacht chun cinn	Straitéis Turasóireachta na Comhairle a bhaint amach. Tairiscint turasóireachta an cheantair a fhorbairt agus eispéiris nua do chuairteoirí in éineacht le lucht tionscail, rud a bheas ag teacht le Brandaí Eispéireas na Turasóireachta. Leanúint de bheith ag cur chun cinn Thionscadal Tairsí na mBeann Boirche mar chuid de chlár infheistíochta BRCD, agus mórthionscadail caipitil turasóireachta eile ar fud an cheantair. Máistirphlean Mhúrn, Shliabh gCuillinn, Bhaile Loch Cuan mar Gheopháirc Dhomhanda de chuid EOECNA 2020–2023 agus Plean Gnó 2021–2025 a chur i bhfeidhm Leanúint de bheith ag baint amach Straitéis Ealaíon, Cultúir agus Oidhreachta na Comhairle chun líon an lucht féachana a mhéadú, an rannpháirtíocht a mhéadú agus cur leis na hEalaíona, na hIarsmalanna agus na hImeachtaí a tháirgimid.	An méid a chaithfidh turasóirí. Líon na ndaoine a fhanfaidh thar oíche. Sástacht na gcuairteoirí. Líon na gcuairteoirí ar Ionaid Ealaíon agus Iarsmalanna de chuid na Comhairle.

Cuspóirí Straitéiseacha	Príomhghníomhartha	Slat Tomhais Ratha
A chur ar chumas pobal páirt ghníomhach a ghlacadh sa tsaol shibhialta	Iad seo a leanas a fhorbairt agus a chur i gcrích: • Pleananna Gníomhaíochta Toghcheantair • Plean Gníomhaíochta Comhpháirtíochta Póilíneachta & Sábháilteachta Pobail • Plean Gníomhaíochta an Chláir Dea-Chaidrimh • Plean Gníomhaíochta Athnuachana Chomharsanacht Dhún Pádraig agus an Iúir • Plean Gníomhaíochta um Ionchuimsiú Sóisialta lena n-áirítear soláthar an Ionaid Tacaíochta do Mhionlaigh Eitnigh • Plean Gníomhaíochta PeacePlus • Plean Gníomhaíochta um Thógáil Saibhris sa Phobal. Cur i bhfeidhm an Phlean Pobail. Forbairt Straitéise Áiseanna Pobail. Seachadadh an Chláir Cúnaimh Airgeadais.	Céatadán na gcónaitheoirí a aontóidh gur áit é a gceantar áitiúil ina réitíonn daoine ó chúlraí éagsúla go maith le chéile. Céatadán na gcónaitheoirí a aontóidh go dtéann an Chomhairle i gcomhairle leo agus go n-éisteann sí le tuairimí mhuintir na háite. Céatadán na gcónaitheoirí a mhothóidh go mbíonn cead cainte acu maidir le soláthar seirbhísí ina gceantar áitiúil. Líon na dtionscadal cúnaimh airgeadais a maoineofar. Líon na ndaoine a bhainfidh úsáid as seirbhísí na hOifige Tacaíochta do Mhionlaigh Eitneacha.
Ár gceantar a fhorbairt agus a athbheochan	Scéim athnuachana Lonnaíochtaí Beaga a chur i bhfeidhm i gcomhpháirtíocht le Ranna Rialtais. Tionscnaimh athnuachana a chur i bhfeidhm ar fud lárionaid uirbeacha agus clár oibre a fhorbairt le haghaidh tionscnaimh athnuachana amach anseo. Margadh Cathrach Réigiún Bhéal Feirste a chur chun cinn. Na máistirphleananna agus na pleananna sráidbhaile atá ann faoi láthair a nuashonrú de réir an Phlean Forbartha Áitiúla atá ag teacht chun cinn. Ár Straitéis Saoráidí Poiblí a chur i bhfeidhm.	Líon na dtionscadal de chuid BRCD a chuirfear i gcrích. Líon na scéimeanna lonnaíochta beaga a chuirfear i gcrích. Líon na saoráidí poiblí nua / uasghrádaithe.

Cuspóirí Straitéiseacha	Príomhghníomhartha	Slat Tomhais Ratha
Seirbhísí inbhuanaithe a sholáthar	Bonn fianaise láidir iontaofa a fhorbairt chun bonn eolais a chur faoin chinnteoireacht, forbairt beartais agus soláthar seirbhísí. An fheidhmíocht a bhainistiú go héifeachtach agus obair an duine aonair a bheith ag teacht le cuspóirí corparáideacha agus torthaí níos fearr do chách. Socruithe a bhunú chun sonraí cruinne a bhailiú le bonn eolais a chur faoi ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an inbhuanaitheacht agus leis an athrú aeráide. Cur i bhFeidhm Daoine, Rath, Fás (DRF). Ár suíomh gréasáin agus bealaí digiteacha a úsáid chun seirbhís níos fearr a sholáthar. Cultúr digiteach a neadú ar fud na heagraíochta Cuir i bhfeidhm: • Ár bPlean Gníomhaíochta um Chomhionannas • Ár bPlean Gníomhaíochta um Mhíchumas • Ár Straitéis Ghaeilge	Sástacht na saoránach. Comhlíonadh an dualgais um fheabhsúchán. Líon na n-úsáideoirí a bheas cláraithe le bealaí corparáideacha na Comhairle ar na meáin shóisialta. Líon na gcuairteanna ar shuíomh gréasáin corparáideach na Comhairle.
Ionadaíocht a dhéanamh ar ghuth an cheantair lenár gcuid comhpháirtithe	Leanúint de bheith ag obair lenár bpríomhpháirtithe leasmhara agus lenár gcomhpháirtithe reachtúla chun: • feabhas a chur ar an tsláinte agus ar an fholláine ar fud an cheantair. • gníomhartha cuí a aithint maidir leis an éigeandáil um athrú aeráide. Comhoibriú agus teagmháil leis na príomhpháirtithe leasmhara in earnáil na turasóireachta agus an fháilteachais chun cur chuige láidir comhpháirtíochta a neartú maidir le fás agus ceannaireacht na turasóireachta – lena n-áirítear braislí gnólachtaí turasóireachta & cumainn tionscail. Oibriú le comhpháirtithe chun an Plean Pobail a chur i bhfeidhm agus torthaí is fearr a bhaint amach/ caighdeán maireachtála a fheabhsú do gach duine. Tacú le comhaltaí tofa ina ról abhcóideachta maidir le príomhghníomhartha áitiúla. Clár Forbartha na gComhaltaí Tofa a chur i bhfeidhm.	Comhlíonadh an dualgais um Pleanáil Phobail. Céatadán na gcónaitheoirí a bheas sásta lena gceantar áitiúil mar áit chónaithe. Líon na n-imeachtaí oiliúna a cuirfear ar fáil do chomhaltaí tofa.

Ár gComhairle: Mar a Rialaímid

Cinntíonn 41 chomhalta tofa na Comhairle agus a struchtúr coiste agus bainistíochta go mbíonn rialachas, úinéireacht agus grinnscrúdú fónta sa phróiseas cinnteoireachta ar fud na heagraíochta ar fad.

Is ríthábhachtach athbhreithniú a dhéanamh ar an fheidhmíocht agus tuairisc a thabhairt do chomhaltaí tofa agus do phríomhpháirtithe leasmhara eile ar an dul chun cinn mar go n-éascaíonn siad seo trédhearcacht, freagracht agus feabhas i ngach rud a dhéanann an Chomhairle. Is rialta a dhéanann an Chomhairle monatóireacht ar an fheidhmíocht maidir le cur i bhfeidhm na bpríomhphleananna agus na bpríomhstraitéisí, rud a thacaíonn le baint amach agus le cur i gcrích an Phlean Chorparáidigh.

Ina measc seo, tá an Plean Feabhsaithe Feidhmíochta agus Pleananna Gnó na Stiúrthóireachta. Foilsíonn an Chomhairle Plean Bliantúil Feabhsaithe Feidhmíochta a ndéantar iniúchadh neamhspleách air.

Leagtar amach thíos na socruithe rialachais chun dul chun cinn na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm an Phlean Chorparáidigh, 2024-2027, a fhorbairt, a thuairisciú, a athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh air:

Socruithe Rialachais

An Chomhairle Iomlán

- Faomhadh an Phlean Chorparáidigh
- Measúnú Bliantúil Feidhmíochta

An Coiste Straitéise, Beartais agus Acmhainní

- Grinnscrúdú, tabhairt dúshláin agus faomhadh an Phlean Chorparáidigh
- Measúnú Bliantúil Feidhmíochta

Foireann Ardbhainistíochta

- Forbairt agus cur i bhfeidhm an Phlean Chorparáidigh a threorú
- Measúnú Bliantúil Feidhmíochta

Bíonn athbhreithnithe leanúnacha ar fheidhmíocht ag leibhéil stiúrthóireachta agus seirbhíse laistigh den Chomhairle fosta.

Léiríonn an struchtúr coiste agus bainistíochta an dóigh a ndéantar an próiseas cinnteoireachta a chur i bhfeidhm sa Chomhairle mar seo a leanas:



Comhaltaí Tofa

Cinntíonn 41 chomhalta tofa na Comhairle agus a struchtúr coiste agus bainistíochta go mbíonn rialachas, úinéireacht agus grinnscrúdú fónta sa phróiseas cinnteoireachta ar fud na heagraíochta ar fad.

Crotshliabh

Mark Gibbons
Neamhspleách
mark.gibbons@nmandd.org
FP: 07596 001 978

Deaglán Mac an tSaoir
SDLP
declan.mcateer@nmandd.org
F: 028 4177 2645
FP: 07733 913 022

Mícheál Ó Ruáin
Sinn Féin
michael.ruane@nmandd.org
FP: 07764 320 317

Cáit Ní Mhurchú
Sinn Féin
kate.murphy@nmandd.org
FP: 07512 363 904

Selina Uí Mhurchú
Sinn Féin
selina.murphy@nmandd.org
F: 028 4175 4448
FP: 07894 683 222

Iarlaith Mac an tSionnaigh
Neamhspleách
jarlath.tinnelly@nmandd.org
F: 028 4173 9170
FP: 07710 531 815

Dún Pádraig

Pilib Mac Cathmhaoil
Sinn Féin
philip.campbell@nmandd.org
FP: 07595 597 8137

Cadogan Mac Innreachtaigh
Páirtí Comhghuaillíochta Thuaisceart Éireann
cadogan.enright@nmandd.org
FP: 07590 462 329



Conchúr Mac an Bhreatnaigh
SDLP
conor.galbraith@nmandd.org
FP: 07719 851 485

Úna Uí Anluain
Sinn Féin
oonagh.hanlon@nmandd.org
FP: 07519 202 890

Gareth Sharvin
SDLP
gareth.sharvin@nmandd.org
FP: 07934 300 641

Múrna

Liam Ó Cléirigh
Sinn Féin
william.clarke@nmandd.org
FP: 07762 242 345

Laura Devlin
SDLP
laura.devlin@nmandd.org
FP: 07834 220 952

Glyn Hanna
DUP
glyn.hanna@nmandd.org
F: 028 4176 3819 (DUP Office)
FP: 07540 070 852

Leeanne Mhic Aoidh Bhuí
Sinn Féin
leeanne.mcevoy@nmandd.org
FP: 07872 904 369

Henry Reilly
DUP
henry.reilly@nmandd.org
F: 028 4176 2570
FP: 07801 676 579

Mícheál Ó Maolchraoibhe
Sinn Féin
michael.rice@nmandd.org
FP: 07473 105 676

Jill Truesdale
Páirtí Comhghuaillíochta Thuaisceart Éireann
jill.truesdale@nmandd.org
FP: 07905 492 133

An tlúr

Doire Finn
SDLP
doire.finn@nmandd.org
FP: 07851 981 594

Valerie Ní Airt
Sinn Féin
valerie.harte@nmandd.org
F: 028 3026 1693
FP: 07587 774 923

Gearóidín Uí Chiaráin
Sinn Féin
geraldine.kearns@nmandd.org
FP: 07851 937 251

Cathal Mac an Rí
Sinn Féin
cathal.king@nmandd.org
FP: 07902 628 423

Aodhán Ó Meachair
Sinn Féin
aidan.mathers@nmandd.org
FP: 07894 583 055

Killian Feehan
SDLP
killian.feehan@nmandd.org
FP: 07309 410 615

Sliabh Crúibe

Séamus Ó Braonáin
Sinn Féin
jim.brennan@nmandd.org
FP: 07899 110 135

Róisín Uí Mhaolchraoibhe
Sinn Féin
roisin.howell@nmandd.org
FP: 07522 271 849

Alan Lewis
DUP
alan.lewis@nmandd.org
FP: 07707 058 195

Helena Young
Páirtí Comhghuaillíochta Thuaisceart Éireann
helena.young@nmandd.org
FP: 07934 569 913

Siobhán Uí Ír
Sinn Féin
siobhan.ohare@nmandd.org
FP: 07746 031 907

Rudha Álainn

Terry Mac Aindriú
SDLP
terry.andrews@nmandd.org
F: 028 4483 1308
FP: 07879 998 559

Callum Bowsie
DUP
callum.bowsie@nmandd.org
FP: 07541 178 036

Jonathan Jackson
DUP
jonathan.jackson@nmandd.org
FP: 07801 644 517

Tierna Howie
Páirtí Comhghuaillíochta Thuaisceart Éireann
tierna.howie@nmandd.org
FP: 07936 777 898

David Lee-Surginor
Páirtí Comhghuaillíochta Thuaisceart Éireann
david.leesurginor@nmandd.org
FP: 07816 997 077

Sliabh gCuillinn

Pete Byrne
SDLP
pete.byrne@nmandd.org
F: 028 3086 8491
FP: 00353 879 000 141



Aoife Uí Fhionnagáin
Sinn Féin
aoife.finnegan@nmandd.org
FP: 00353 871 141 388

Mícheál Ó Lorcáin
Sinn Féin
micky.larkin@nmandd.org
FP: 07801 247 623

Úna Nig Aonghusa
Sinn Féin
oonagh.magennis@nmandd.org
FP: 07853 230 586

Deaglán Ó Murchú
Sinn Féin
declan.murphy@nmandd.org
FP: 00353 872 657265

Áine Ní Choinn
Sinn Féin
aine.quinn@nmandd.org
F: 028 3086 1948
FP: 07305 137 045

David Taylor
UUP
david.taylor@nmandd.org
F: 028 3083 8014
FP: 07733 913 021

Aguisín

Leagtar amach sa tábla seo a leanas na naisc idir Torthaí an Phlean Pobail agus Cuspóirí Straitéiseacha an Phlean Chorparáidigh.

Torthaí an Phlean Pobail	Cuspóirí Straitéiseacha an Phlean Chorparáidigh, 2024–2027
Bíonn sláinte agus folláine mhaith ag gach duine i gceantar an Iúir, Mhúrn agus an Dúin	Feabhas a chur ar shláinte agus folláine gach duine sa cheantar.
Baineann gach duine i gceantar an Iúir, Mhúrn agus an Dúin leas as pobail rathúla.	Tacú le fás agus forbairt leanúnach ár ngeilleagair áitiúil. Tacú le deiseanna athnuachana turasóireachta a chuireann ár gcultúr, ár n-oidhreacht agus ár dtimpeallacht chun cinn. Ár gceantar a fhorbairt agus a athbheochan.
Baineann gach duine i gceantar an Iúir, Mhúrn agus an Dúin leas as timpeallacht ghlan inbhuanaithe ar ardchaighdeán.	Ár dtimpeallacht a chosaint agus a fheabhsú chun todhchaí inbhuanaithe a chinntiú.
Cónaíonn gach duine i gceantar an Iúir, Mhúrn agus an Dúin i bpobail mheasúla, shábháilte agus bheoga.	A chur ar chumas pobal páirt ghníomhach a ghlacadh sa tsaol shibhialta.
Faigheann gach duine i gceantar an Iúir, Mhúrn agus an Dúin tús maith sa tsaol agus baineann siad barr a gcumais amach ar feadh an tsaoil.	Seirbhísí inbhuanaithe a sholáthar. Ionadaíocht a dhéanamh ar ghuth an cheantair lenár gcuid comhpháirtithe.

Ag freastal ar an Dún agus Ard Mhacha Theas
Serving Down and South Armagh

0330 137 4000
info@nmandd.org
www.newrymournedown.org

facebook.com/nmdcouncil
twitter.com/nmdcouncil

Oifig an Iúir
Teach Uí Ágáin
Rae Mhuineacháin
An tIúr BT35 8DJ

Oifig Dhún Pádraig
Lárionad Cathrach Downshire
Eastát Downshire, Bóthar Ard Ghlais
Dún Pádraig BT30 6GQ

Comhairle Ceantair
an Iúir, Mhúrn agus an Dúin
Newry, Mourne and Down
District Council